Bileoga rátaí 2008/2009

Cé a Fhaigheann Cuidiú agus Cén Dóigh?

Lorg cuidithe le do bhille a íoc

Tá níos mó dóigheanna ná riamh ann le cuidiú a fháil le do bhille rátaí tí a íoc. Is féidir go mbeidh cuidiú ar fáil, mar shampla

- Má tá tú ar theacht isteach íseal
- Más pinsinéir thú i do chónaí leat féin agus tú 70 nó os a chionn
- Más duine le míchumas tú féin nó duine eile sa teaghlach
- Más mac léinn lánaimseartha thú nó má tá tú in oiliúint lánaimseartha
- Má tá tú faoi 18
- Más duine óg ag teacht amach as cúram thú

Má fhaigheann tú an cuidiú seo ní chuirfidh sé isteach de ghnáth ar aon sochar Leasa Shóisialta a fhaigheann tú. Tá tuilleadh eolais sna paragraif a leanas ar na scéimeanna faoisimh, cé hiad na daoine ar chóir dóibh iad a iarraidh, agus an dóigh le foirm iarratais a fháil.

Má iarrann tú cuid ar bith den chuidiú seo caithfidh tú do bhille rátaí a íoc fad atá tú ag fanacht le cinneadh. Má éiríonn le d'iarratas íocfaimid aon mhéid de bharraíocht a d'íoc tú.

Sochar Cóiríochta agus Scéimeanna Faoisimh Rátaí dóibh sin atá ar theacht isteach íseal

Sochar Cóiríochta

Má tá tú ar theacht isteach íseal, nó má fhaigheann tú

- Fordheontas Ioncaim
- Liúntas Cuardaitheora Poist Bunaithe ar Ioncam
- Creidmheas Pinsin

Agus tá níos lú ná £16,000 i gcoigilteas agat, b'fhéidir go mbeifeá in ann cuidiú a fháil tríd an Scéim Sochair Cóiríochta. Má iarrann tú Sochar Cóiríochta agus nach n-éiríonn leat, féachfaimid an mbeifeá in ann cuidiú a fháil tríd an Scéim Faoisimh Rátaí.

An Scéim Faoisimh Rátaí

B'fhéidir go gcuideodh an scéim seo

- Má tá tú ar theacht isteach íseal
- Más pinsinéir thú agus coigilteas níos lú ná £50,000 agat
- Mura bhfuil tú ag fáil Sochar Cóiríochta ach ar chuid de do bhille rátaí
- Má tá tú díreach taobh amuigh den teorainn ioncaim ina bhfaighfeá Sochar Cóiríochta

Nuair a iarrann tú Sochar Cóiríochta agus Faoiseamh Rátaí breathnaímid do chúinsí. Is iad d'ioncam, do choigilteas, méid na rátaí a íocann tú agus cé acu a chónaíonn tú le daoine eile nó nach gcónaíonn, a shocróidh an bhfaighidh tú cuidiú agus méid an chuidithe a gheobhas tú.

Fáil fhoirm iarratais Shochar Cóiríochta agus Fhaoiseamh Rátaí

Más leat do theach agus má chónaíonn tú ann

- Cuir scairt ar an chabhairlíne 0845 300 6360, minicom 0845 300 6361
- Íoslódáil an fhoirm a theastaíos ó www.helpwithratesni.gov.uk
- Tóg an fhoirm ag ceann dár n-oifigí ceantair

Má tá d'áit chónaí ar cíos agat

- Gabh i dteagmháil leis an Fheidhmeannas Cóiríochta 08448 920902
- Gabh chuig oifig áitiúil an Fheidhmeannas Cóiríochta
- Íoslódáil an fhoirm ó www.nihe.gov.uk

Liúntas Pinsinéara Aonair

Liúntas úr é seo, ar fáil ó 1 Aibreán 2008.

Má pinsinéir thú, 70 nó os a chionn agus tú i do chónaí leat féin (gan aird ar rudaí áirithe) b'fhéidir go mbeifeá i dteideal laghdú 20% i rátaí. Chaithfeá foirm iarratais a líonadh amach. Má tá tú i dteideal laghdú a fháil feidhmeofar sin i do bhille rátaí i ndiaidh asbhaint faoisimh eile rátaí a bhfuil tú ina dteideal.

Fáil fhoirm iarratais Liúntas Pinsinéara Aonair

Más leat d'áit chónaí agus tú i do chónaí ann:

- Scairt ar an chabhairlíne 0845 300 6360, minicom 0845 300 6361
- Íoslódáil an fhoirm a theastaíos ó www.helpwithratesni.gov.uk
- Tóg an fhoirm ag ceann de na hoifigí áitiúla againn

Má tá d'áit chónaí ar cíos agat

- Gabh i dteagmáil leis an Fheidhmeannas Cóiríochta ar 08448 920902
- Gabh isteach in oifig den Fheidhmeannas Cóiríochta
- Íoslódáil an fhoirm ó www.nihe.gov.uk

Liúntas Daoine le Míchumas

Má tá míchumas ort, nó ar dhuine ar bith eile de do theaghlach, agus má fhreagraíonn tú d'éilimh na scéime seo, b'fhéidir go mbeifeá i dteideal laghdú 25% ar do bhille rátaí. Féadann tú iarratas a chur isteach má tá áiseanna i de theach a fhreastalaíonn ar riachtanais duine i do theaghlach ar a bhfuil míchumas. Mar shampla, is féidir gur thóg tú seomra folctha thíos staighre, nó go dteastaíonn tuilleadh fairsinge sa teach d'úsáid chathaoir rothaí.

Cuidiú le rátaí do dhaoine san oideachas lánaimseartha, in oiliúint lánaimsearta, faoi 18 nó ag teacht as cúram

Más mac léinn lánaimseartha thú, má tá tú in oiliúint lánaimseartha, faoi 18, nó i do dhuine óg ag teacht as cúram, b'fhéidir nach gcaithfeá rátaí ar bith a íoc fad atá tú i do chónaí leat féin nó i sealúchas ina bhfuil gach duine eile i gceann ar bith de na grúpaí sin.

Ar na cúrsaí agus an oiliúint a thiocfadh faoin scéim seo tá –

- Staidéar lánaimseartha ar choláistí breisoideachais
- Cúrsaí lánaimseartha céime

- Oideachas lánaimseartha iarchéime
- Oiliúint tosaigh múinteoireachta lánaimseartha
- ADN lánaimseartha
- Cúrsaí lánaimseartha banaltrachta

Más tiarna talaimh sealúchais thú nach bhfuil ina gcónaí ann ach daoine i gceann ar bith de na grúpaí thuas, b'fhéidir go mbronnfaí an faoiseamh rátaí seo maidir le do chuid tionóntaí. Chaithfí a shochar seo a sheachadadh chucu, i dtáille laghdaithe cíosa, mar shampla.

Foirmeacha iarratais

Le foirm iarratais do na scéimeana seo a fháil

- cuir scairt ar an chabhairlíne 0845 300 6360, minicom 0845 300 6361
- íoslódáil an fhoirm ó www.helpwithratesni.gov.uk
- tóg foirm ag ceann ar bith dár n-oifigí áitiúla

Comhairle ar mhodhanna íocaíochta

Fiú mura dtig leat cuid ar bith den chuidiú a luaitear sa bhileog seo a fháil, féadann tú dul i dteagmháil linn ar an uimhir thuas maidir le comhairle ar réimse modhanna íocaíochta, dochar díreach mar shampla, a chuideodh leat costas do bhille a scaradh. Mura dtig leat do bhille a íoc, déan teagmháil láithreach linn. Bímid i gcónaí toilteanach éisteacht agus teacht ar réiteach inghlactha íocaíochta leat. Fanfaidh an plé eadrainn ina rún.